
Ba mhaith liomsa seal!
altram
guth na luathbhlianta

Tá na páistí ag súgradh. Tá siad sona sásta.




Tá siad ag súgradh sa chlós. Tá siad ag rith go gasta!



Tá Méabh ar an rothar,

lán áthais, lán spraoi,

ag dul thart agus thart -

Lean ort, Méabh! Weeeeeeee!

altram

guth na luathbhlianta

Ach tá mise ag iarraidh

dul ar an rothar!

Ba mhaith liomsa seal.

Seal s’agamsa anois!



Níor mhaith liom fanacht

Níl mé ag iarraidh sin a dhéanamh!

Ba mhaith liom seal anois!

ANOIS! Búhú

Amharc ar seo, a chroí.

Amadóir atá ann.

Nuair a thiteann an gaineamh uilig,

seal s'agatsa a bheas ann!



Síos leis an ghaineamh,

Amharc air ag titim!

Síos, síos, síos

Ansin... seal s'agam!

altram

guth na luathbhlianta


Bhí seal ag Méabh,
Bhí seal agam féin,
Tá sé deas le bheith ag roinnt
idir do chairde 's tú féin.
altram
guth na luathbhlianta